# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA Hardteistiméireachta 2017
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

# GNÁTHLEIBHÉAL

## **Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach sampla de fhreagraí féideartha.

- I gcuid mhaith cásanna, d’fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus sa chomhthéacs ceart agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronnfar marcanna.

### ***INNÉACS NA gCEISTEANNA***


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | | |
| | **Roinn A** | **3-7** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Monaplacht agus cuideachtaí stáit** | **8-10** |
| **2** | **Earraí eacnamaíoch, Éileamh agus Leaisteachas** | **11 - 13** |
| **3** | **Tosca táirgeachta, Pá agus Eisimirce** | **14 - 16** |
| **4** | **Airgead, Coigilteas agus Boilsciú** | **17 - 19** |
| **5** | **Ioncam Náisiúnta agus Fás Geilleagrach** | **20 - 22** |
| **6** | **Buiséadú, Seirbhísí Stáit agus Cáinaisnéis 2017** | **23 - 26** |
| **7** | **Trádáil, BREXIT agus Suíomh Tionscail** | **27 - 29** |
| **8** | **Méadú ar an daonra, otracht a laghdú agus leathanbhanda faoin tuath** | **30 - 32** |

## Roinn A

I dtaca leis na cánacha seo a leanas, meaitseáil an cháin lena míniúchán cuí. (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.) (Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon cháin díobh.)

| **Cáin** | | **Míniúchán** | |
|---|---|---|---|
| **A** | CBL (VAT) | **1** | Cáin ar ioncam. |
| **B** | CCÚT (DIRT) | **2** | Cáin ar earraí a iompórtáiltear isteach i dtír. |
| **C** | ÍMAT (PAYE) | **3** | Cáin ar an mbrabús a dhéantar ar dhiúscairt sócmhainne. |
| **D** | Dleacht chustaim | **4** | Cáin ar ús a thuilltear ar thaiscí in institiúidí airgeadais. |
| | | **5** | Cáin ar cheannach earraí agus seirbhísí. |

| CÁIN | A | B | C | D |
|---|---|---|---|---|
| MÍNIÚCHÁN | **5** | **4** | **1** | **2** |


**(16 marc)**

**4 x 4 mharc an ceann**

**2.** Tugtar na sonraí seo a leanas faoi ghnólacht duit.

| Cainníocht (aonaid aschuir) | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Costais sheasta ina € | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 |

**(i)** **Tarraing agus lipéadaigh** na costais sheasta don ghnólacht seo.




**C-ais + lipéad: 3 mharc / Costais ais + lipéad: 3 mharc / CS lipéadaithe ag €3,000: 4 mharc**

**(ii)** Mínigh an téarma **costais sheasta** agus luaigh sampla **amháin** i gcás gnólachta**:**

**CS:** costais nach n-athraíonn ag leibhéal na n-athruithe aschuir.

**Sampla**: Cíos ar shócmhainn sheasta.

**6 mharc**

**3.** Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin**, ó thaobh na heacnamaíochta de, a d'fhéadfadh méadú ar líon na ndaoine as Poblacht na hÉireann a thaistealaíonn go Tuaisceart Éireann chun dul ag siopadóireacht dul i bhfeidhm ar **gach ceann** díobh seo a leanas: **(16 marc)**

**Miondíoltóirí i bPoblacht na hÉireann:**

1. Díolacháin agus brabúis laghdaithe do na gnóthais sin.
2. D'fhéadfadh roinnt gnóthas dúnadh mar gheall ar chaiteachas laghdaithe, rud a bheadh ina ábhar le dífhostaíocht.
3. Praghsáil níos iomaíche: Féadfaidh miondíoltóirí sa phoblacht praghsanna a laghdú chun dul in iomaíocht le miondíoltóirí i dTuaisceart Éireann.

**Airgeadas Rialtas na hÉireann:**

1. Ioncam ó chánachas: fáltais CBL laghdaithe ó dhíol earraí agus seirbhísí / Cáin Chorparáide laghdaithe.
2. Laghdú ar dhleachtanna máil ó dhíol toitíní agus táirgí tobac sa phoblacht.
3. Beartas cánachais: D'fhéadfadh rialtas na hÉireann smaoineamh ar CBL a laghdú sa phoblacht chun an difríocht i bpraghsanna idir an Tuaisceart agus an Deisceart a laghdú.
4. D'fhéadfadh méadú teacht ar chaiteachas leasa shóisialaigh i gcás go dtiocfadh méadú ar dhífhostaíocht.

**2 x 8 marc an ceann**

**4.** Cuir in iúl le tic (✓) cén chatagóir a mbaineann gach earra nó seirbhís díobh seo léi:

| **Ráiteas** | **Easpórtálacha Sofheicthe** | **Easpórtálacha Dofheicthe** | **Iompórtálacha Sofheicthe** | **Iompórtálacha Dofheicthe** |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas lucht leanúna sacair as Éirinn a thaistil go dtí an Ostair. | | | | √ |
| Gnólachtaí as Éirinn ag díol cáise sa Ghearmáin. | √ | | | |
| Turasóirí eachtrannacha ag eitilt go hÉirinn ar Ryanair. | | √ | | |
| Tomhaltóirí in Éirinn ag ceannach gluaisteán sa Ríocht Aontaithe agus á dtabhairt ar ais go hÉirinn. | | | √ | |

**(16 marc)**

**4 x 4 mharc an ceann**

**5.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.) Scríobh **gach** freagra sa spás cuí.

| | | |
|---|---|---|
| CAI (IMF) | **An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta** | **5 mharc** |
| BCE (ECB) | **An Banc Ceannais Eorpach** | **6 mharc** |
| EDT (WTO) | **An Eagraíocht Dhomhanda Trádála** | **5 mharc** |

**(16 mharc)**

**6.** Infheistíonn Rialtas na hÉireann suimeanna suntasacha d'airgead na gcáiníocóirí san oideachas tríú leibhéal in Éirinn. Tá deischostas ag gabháil leis seo. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an infheistíocht seo san oideachas tríú-leibhéal.
**(17 marc)**

Deischostas

- **Costas na roghanna eile a tharscaoiltear.**
- **An costas a bhaineann leis an gcéad rogha eile is fearr a scaoileadh tharat agus cinneadh á dhéanamh agat.**

**7 marc**


(iii) Luaigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha atá ann do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an infheistíocht seo san oideachas tríú leibhéal.

Áirítear le freagraí féideartha:

- D'fhéadfadh céimithe ioncam níos airde a shaothrú agus caighdeán maireachtála níos fearr a bheith acu mar thoradh ar lucht saothair le hoideachas níos fearr.
- D'fhéadfadh go mbeadh Éire ní ba tharraingtí i dtaobh cuideachtaí ilnáisiúnta / infheistíocht dhíreach eachtrach dá bharr.
- Cuirfidh táirgiúlacht mhéadaithe oibrithe ar chumas gnóthas a bheith níos brabúsaí.
- Forbairt cúrsaí nua: tabharfaidh méadú infheistíochta deis d'institiúidí cúrsaí nua a fhorbairt chun freastal ar riachtanais athraithe shaol an ghnó.
- Rochtain chothrom: mar gheall ar mhéadú ar mhaoiniú d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca ag teaghlaigh ar ioncam íseal nach bhfuil in acmhainn leanaí a chur chuig tríú leibhéal rochtain a fháil ar ardoideachas.

**2 x 5 mharc an ceann**

**7.** Taispeánann an léaráid seo an t-éileamh ar ghluaisteáin nua in Éirinn in 2015. **(17 marc)**




(i) Tháinig méadú ar an éileamh ar ghluaisteáin nua in 2016. **Tarraing cuar an éilimh nua ar ghluaisteáin agus cuir an lipéad É1 air**.

**É cuar nua i gceart: 7 marc**

(ii) Mol **dhá** chúis leis an méadú ar an éileamh ar ghluaisteáin nua in Éirinn in 2015.

Tá iasachtaí ag rátaí ísle úis nó ag rátaí úis nialasaigh / liúntais tharraingteacha trádála á dtairiscint ag roinnt cuideachtaí.
Tá daoine a bhfuil sé ar a n-acmhainn déanamh amhlaidh ag athrú a gcarranna mar gheall ar rátaí bliantúla mótarchánach níos ísle / ar chostais laghdaithe chothabhála.
Tá daoine ag athrú a gcarranna chun carr atá níos tíosaí ar bhreosla a fháil agus chun a gcostais reatha a laghdú dá réir sin.
Tá roinnt de na comhair chreidmheasa / bainc toilteanach iasachtaí a thabhairt ag rátaí iomaíocha úis.
Tá muinín mhéadaithe agus méadú dá réir ar dhíol carranna mar gheall ar fhostaíocht mhéadaithe, ar ioncam méadaithe do roinnt fostaithe agus ar mhéadú ar fhás geilleagrach.

**2 x 5 mharc an ceann**

**8.** 'Moladh don rialtas smaoineamh ar chánacha nua tabhairt isteach ar choimeádáin mhearbhia, ar channaí agus ar bhuidéil phlaisteacha indiúscartha.' ***(Foinse: The Irish Times, Iúil 2016)***

Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an mbeart seo.

**(17 marc)**

Buntáiste eacnamaíochta

**Ioncam don rialtas** méaduithe agus is féidir leis an rialtas cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr é sin a úsáid.
**Tionscnaimh chiste** cuidiú chun dramhaíl soláthraithe a laghdú / dreasachtaí a thabhairt isteach chun níos lú pacáistithe a spreagadh.
**Soláthraithe a spreagadh chun smaoineamh** ar mhodhanna eile pacáistithe chun dramhaíl a laghdú, e.g. cupáin chaife in-athchúrsáilte / timpeallacht níos glaine de réir mar a spreagtar athchúrsáil
**Má chuirtear ioncam ón gcáin ar leataobh, d'fhéadfaí é a chaitheamh ar chúrsaí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil.**
**An prionsabal go n-íocann an truaillitheoir:** Tionchar dearfach ar iompar tomhaltóirí / déantar laghdú, athúsáid, agus athchúrsáil a spreagadh i measc tomhaltóirí.

**D'fhéadfaí tomhaltas mearbhia a dhíspreagadh** mar gheall ar an gcáin, rud a d'fhéadfadh sláinte an daonra a fheabhsú.

Míbhuntáiste eacnamaíochta

**Ardú ar phraghsanna** do thomhaltóirí na n-earraí sin, mar sin laghdú ar ioncam indiúscartha.


**Costais riaracháin níos airde** don ghnó a chaithfidh na cánacha sin a bhailiú / d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar dhíolacháin agus ar bhrabúis roinnt gnóthas.

**Cáin chúlchéimnitheach** atá bunaithe ar thomhaltas seachas ar an gcumas íoc.

**An chéad fhreagra ceart: 10 marc**
**An 2ú freagra ceart: 7 marc**

**9.** Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Iomaíocht Fhoirfe. (17 marc)**

(i) Scríobh i bhfocail (seachas mar ghiorrúchán) lipéad iomlán gach ceann de na línte atá uimhrithe 1 go 3. Bain úsáid as an bhfreagarbhosca atá curtha ar fáil.




**Freagarbhosca**


| Uimhir | An lipéad iomlán |
|---|---|
| 1 | Costas Imeallach |
| 2 | Meánchostas |
| 3 | Meánioncam / ioncam imeallach / éileamh |

**4 mharc + 4 mharc + 4 mharc**

(ii) An bhfuil an gnólacht ag tuilleamh brabús osnormálta? Tá / **Níl.**
Cuir **ciorcal** thart ar do rogha agus **mínigh** do fhreagra.
**Níl sé ag tuilleamh brabús osnormálta toisc go bhfuil MI = MCh.**
**5 mharc**

## C1: MONAPLACHT AGUS CUIDEACHTAÍ STÁIT

**(a)** Sa léaráid thíos taispeántar gnólacht **Monaplachta** atá i gcothromaíocht.




**(a)** Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.

(i) Scríobh amach an rud a seasann **gach ceann** de na **sé** lipéad a bhfuil líne fúthu dó.

(ii) Tá an gnólacht seo i gcothromaíocht ag pointe G agus táirgeann sé aschur C1. Ar do léaráid taispeáin:

- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar **C1**. (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo. (úsáid lipéad $Costas_1$)

**(30 marc)**

(i) Scríobh amach an rud a seasann **gach ceann** de na **sé** lipéad a bhfuil líne fúthu dó.

| Lipéad | Céard dó a seasann gach ceann | Marcanna |
|---|---|---|
| **P / Costas** | **Praghas / Costas** | **4 mharc** |
| **C** | **Cainníocht** | **4 mharc** |
| **MCh** | **Meánchostas** | **4 mharc** |
| **MI** | **Meánioncam** | **4 mharc** |
| **CI** | **Costas Imeallach** | **4 mharc** |
| **II** | **Ioncam Imeallach** | **4 mharc** |

(ii) Tá an gnólacht seo i gcothromaíocht ag pointe G agus táirgeann sé aschur C1. Ar do léaráid taispeáin:

| | |
|---|---|
| An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar $C_1$. | $P_1$ |
| Meánchostas táirgeachta an aschuir seo. | $Costas_1$ |

**6 mharc**

**(b)** D'fhéadfadh sé go mbeadh gnólachtaí nua ag iarraidh dul isteach i margadh monaplachta ach beidh **bacainní ar iontráil** rompu.

(i) Luaigh **trí** bhacainn ar iontráil a d'fhéadfadh a bheith ann.
(ii) Scríobh nótaí gairide ar **gach** ceann acu..

**(21 marc)**

| |
|---|
| **Srianta dlí / stáit** |
| D'fhéadfadh an rialtas an ceart aonair a bhronnadh ar chuideachta chun earra nó seirbhís a sholáthar ionas go mbeidh srianadh dleathach ar iomaíocht. |
| **Úinéireacht Phaitinne / Chóipchirt** |
| Bronnfaidh paitinn / cóipcheart an ceart eisiach ar ghnólacht maidir le próiseas áirithe déantúsaíochta le haghaidh tráchtearra áirithe ar feadh tréimhse. |
| **Comhaontuithe Trádála agus Claonpháirteachas.** |
| D'fhéadfadh gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh le soláthraithe eile, i.e. dul i gclaonpháirt leo, ionas nach mbeadh aon ghnólacht eile in ann an tráchtearra a sholáthar do chuid áirithe den mhargadh. |
| **Úinéireacht amhábhar** |
| D'fhéadfadh cuideachta an ceart aonair a bheith aici chun na hamhábhair ar fáil agus tríd sin, a bheith ina monaplacht sa mhargadh áirithe sin, e.g. cuideachta sirtheoireachta ola. |
| **Teastaíonn mórinfheistíocht chaipitil ón tionscal / Barainneachtaí scála** |
| I gcás roinnt tionscal bíonn an caipiteal a theastaíonn lena mbunú sa tionscal sin chomh mór sin nach féidir ach leis an gcuideachta ar féidir léi an caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh. |
| **Cumaisc / Táthcheangail** |
| Trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach, is féidir le gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin. |

**3 x 7 marc an ceann**

**(c)** Tá na cuideachtaí Bus Éireann, Iarnród Éireann agus An Post, atá faoi úinéireacht an stáit, ag cailleadh airgid faoi láthair. D'fhéadfadh sé go mbeidh sé deacair do na cuideachtaí sin leanúint ar aghaidh ag soláthar a gcuid seirbhísí uile sa todhchaí de bharr na gcaillteanas seo.

**(24 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh cúis **amháin** nach bhfuil cuid de na seirbhísí a sholáthraíonn na cuideachtaí thuas á soláthar ag fiontraithe príobháideacha.

**Seirbhísí a mbíonn caillteanais acu / éileamh íseal ar roinnt seirbhísí**
D'fhéadfadh roinnt de na seirbhísí a bheith ag cailleadh airgid agus b'fhéidir nach mbeadh spéis ag infheisteoirí príobháideacha freastal orthu. Tá an t-éileamh ar an tseirbhís ró-íseal chun go mbeidh sí éifeachtúil ó thaobh costais de, e.g. roinnt bealaí ar Bhus Éireann.

**Measann an Rialtas go bhfuil na seirbhísí inmhianaithe ar bhonn sóisialta/riachtanach**
B'fhéidir go measfadh an rialtas go bhfuil seirbhísí den sórt sin riachtanach do dhaoine i gceantair iargúlta faoin tuath/cuspóir sóisialta.

**Easpa caipitil ó fhiontraithe príobháideacha**
D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt fiontraithe príobháideacha in ann an caipiteal is gá a fháil chun gnó a sholáthar sna ceantair sin.

**Barainneachtaí scála**
Má sholáthraíonn an stát an tseirbhís ar bhonn náisiúnta, b'fhéidir go mbeidís in ann an tseirbhís a sholáthar ar chostas níos ísle agus leas a bhaint as barainneacht scála.

**1 x 8 marc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh na cuideachtaí seo atá faoi úinéireacht an stáit, a dhéanamh chun tabhairt faoina gcuid caillteanas a laghdú.

**Costais phá / pinsin a laghdú**
Trí phá a ghearradh titfidh costais na ngnóthas seo.

**Líon na bhfostaithe a laghdú**
Má dhéantar é sin laghdófar an bille pá foriomlán agus ba cheart go dtitfeadh costais dá réir.

**Soláthar seirbhísí / bealaí a mbíonn caillteanais acu a ghearradh / laghdú**
Má ghearrtar nó má laghdaítear seirbhísí a mbíonn caillteanais acu, ba cheart go dtitfeadh costais an ghnólachta. D'fhéadfaí deireadh a chur le roinnt mearbhealaí bus.

**Ioncam / éifeachtúlacht a mhéadú**
Más féidir leis na gnólachtaí tuilleadh ioncaim a ghiniúint ó fho-ghníomhaíochtaí ansin d'fhéadfadh an t-ioncam méadaithe sin caillteanais ó phríomhobair a fhritháireamh/D'fhéadfaidís praghsanna a mhéadú nó iarracht a dhéanamh sruthanna breise ioncaim a chruthú/Más féidir éifeachtúlacht a bhaint amach ansin titfidh na costais.

**2 x 8 marc an ceann**

## C2: Earraí eacnamaíoch, Éileamh agus Leaisteachas

**(a)** Is earra eacnamaíoch é an Apple iPhone 7. Bíonn na saintréithe seo a leanas ag earraí eacnamaíocha: bíonn siad gann, inaistrithe agus soláthraíonn siad áirgiúlacht don tomhaltóir.

**(20 marc)**

(i) Mínigh **aon dá cheann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus tagairt agat don Apple iPhone 7.

**Gann**
Ní mór méid níos lú den earra a bheith ar fáil ná atá á éileamh, sin nó ní bheadh fonn ar dhaoine praghas a íoc as.
Is mó an t-éileamh ar an Apple iPhone 7 ná a bhfuil le fáil díobh.

**Inaistrithe**
Ní mór gur féidir úinéireacht a aistriú ó dhuine amháin go duine eile.
Is féidir le duine amháin an Apple iPhone 7 a thabhairt do dhuine eile.

**Áirgiúlacht**
Ní mór go dtugann an t-earra sásamh don tomhaltóir; ní bheadh éileamh ar bith air murach sin.
Tugann úinéireacht an Apple iPhone 7 sásamh don úinéir.

**2 x 5 mharc an ceann**

(ii) Mínigh **aon dá cheann** de na téarmaí eacnamaíochta seo a leanas:
- Earra normálta
- Earra ionaid
- Earra comhlántach.

| Earra Normálta | Earra Ionaid | Earra Comhlántach |
|---|---|---|
| Earra a gceannaíonn tomhaltóir níos mó de nuair a ardaíonn a (h)ioncam.<br><br>Éifeacht ioncaim dhearfach.<br><br>Umhal do dhlí an éilimh. | Earraí a shásaíonn an gá céanna a shásaíonn earraí eile.<br><br>Earraí a fhéadtar a chaitheamh / a úsáid in áit cinn eile.<br><br>Earraí a fhéadtar a úsáid mar mhalairt ar earraí eile. | Earraí a úsáidtear i gcomhar lena chéile / a úsáidtear le chéile. |

**2 mhíniúchán x 5 mharc an ceann**


**(b)** Taispeánann an t-eolas thíos sceideal éilimh agus soláthair an Apple iPhone 7 ar an margadh:

| Praghas € | An Chainníocht a Éilítear (aonaid) | An Chainníocht a Sholáthraítear (aonaid) |
|---|---|---|
| 400 | 1,200 | 400 |
| 500 | 1,000 | 600 |
| 600 | 800 | 800 |
| 700 | 600 | 1,000 |
| 800 | 400 | 1,200 |

Agus tú ag úsáid an eolais thuas agus ar léaráid **amháin** (is ceadmhach grafpháipéar a úsáid):

(i) Tarraing **agus** lipéadaigh cuar an éilimh ar an Apple iPhone 7 ar an margadh
(ii) Tarraing **agus** lipéadaigh cuar soláthair an Apple iPhone 7 ar an margadh.
(iii) Taispeáin ar do léaráid:
- Praghas cothromaíochta an Apple iPhone 7 ar an margadh (úsáid lipéad **$P_1$**)
- Cainníocht chothromaíochta an Apple iPhone 7 ar an margadh (úsáid lipéad **$C_1$**)

**(30 marc)**




**Graf:**

**É: 5 phointe ar 2 mharc an ceann = 10 marc**
**S: 5 phointe ar 2 mharc an ceann = 10 marc**
**Lipéid: P, C, É agus S = 4 mharc**
**$P_1$ agus $C_1$ : 2 x 3 mharc an cean = 6 mharc**

**(c)** Is leis an fhoirmle seo a thomhaistear **Ioncamleaisteachas an Éilimh** (YED): **(25 marc)**

$$\frac{\Delta C}{\Delta Y} \times \frac{Y_1 + Y_2}{C_1 + C_2}$$

(i) Mínigh cén rud a seasann gach ceann de na siombailí thuas dó.

| | |
|---|---|
| $\Delta C$ | Athrú ar chainníocht an earra atá á héileamh |
| $\Delta Y$ | Athrú ar ioncam an tomhaltóra. |
| $Y_1$ | Bunioncam an tomhaltóra. |
| $Y_2$ | Ioncam nua / reatha an tomhaltóra. |
| $C_1$ | Cainníocht tosaigh an earra atá á héileamh. |
| $C_2$ | Cainníocht nua / reatha an earra atá á éileamh |

**6 théarma chearta x 2 mharc an ceann**

(ii) Is é Ioncamleaisteachas an Éilimh (YED) ar an Apple iPhone 7 ná **+2.8**.
An gceapann tú gur earra sóchais é an Apple iPhone 7, bunaithe ar an eolas atá agat ar YED? Mínigh do fhreagra..

Earra sóchais is ea an t-earra seo.
Is minic go mbíonn earraí sóchais ioncamleaisteach.
Tá an méadú céatadánach sa mhéid a éilítear níos mó ná an méadú céatadánach ar ioncam.

**Freagra: 5 mharc. Cúis: 8 marc**

## C3: Tosca táirgeachta, Pá agus Eisimirce

**(a)** Iompaíonn gnólacht tógála ionchuir (tosca táirgeachta) ina n-aschur (tithe).
Luaigh agus mínigh na **ceithre** thoisc tháirgeachta a d'fhéadfaí a úsáid chun tithe a tháirgeadh.
**(20 marc)**

| *Toisc* | *Míniú* |
|---|---|
| **Talamh** | • rud ar bith a soláthraíonn an dúlra é (a chabhraíonn i dtáirgeadh aschuir). Soláthraíonn talamh talmhaíochta/foraoisí adhmad chun teach a thógáil. |
| **Lucht oibre** | • an iarracht dhaonna a bhaineann le tógáil. (le táirgeadh aschuir). Bríceadóirí, leictreoirí, pluiméirí. |
| **Caipiteal** | • saibhreas / innealra nó trealamh de dhéantús an duine a úsáidtear (i dtáirgeadh aschuir). JCBanna/craenacha |
| **Fiontraíocht** | • an duine a ghlacann riosca / a bhfuil an smaoineamh aige gnó a bhunú. Forbróirí réadmhaoine. |

**5 mharc an ceann**

**(b)** Tá fostaithe san <u>earnáil phoiblí</u> ag éileamh arduithe pá ar Rialtas na hÉireann. **(30 marc)**

Tá fostaithe san <u>earnáil phríobháideach</u> ag lorg arduithe pá fosta.

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus luaigh sampla **amháin** de ghairm bheatha i n**gach** earnáil acu sin thuas.

**An earnáil phoiblí**
An chuid sin den gheilleagar a dhéanann na comhlachtaí stáit/ranna rialtais a reáchtáil, de ghnáth chun seirbhísí a sholáthar dá saoránaigh. Déanann an stát é seo a rialú.

Sampla: múinteoir.

**An earnáil phríobháideach**
An chuid sin den gheilleagar a dhéanann daoine príobháideacha aonair nó grúpaí a reáchtáil, agus níl sí faoi rialú an stáit.

Sampla: Oibrí Tesco.

**Mínithe: 2 x 7 marc an ceann (4 + 3)**

(ii) Luaigh agus mínigh cúis eacnamaíochta **amháin** a bhfuil fostaithe ag lorg arduithe pá faoi láthair.

**Fás geilleagrach**
Luann an rialtas go bhfuil an geilleagar ag fás agus go bhfuil oibrithe ag iarraidh sciar den fhás sin.

**Toradh as glacadh le déine / athchóiriú pá**
Is mian le hoibrithe a d'fhulaing laghduithe pá roimhe seo a bpá a fháil ar ais mar chúiteamh ar ghlacadh leis na bearta déine sin. Is iad na daoine ar mheánioncam is mó a d'fhulaing ciorruithe ar ioncam i rith an chúlaithe eacnamaíoch agus tá siad ag iarraidh go gcuirfí ar ais a n-ioncaim go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim eacnamaíoch.

**Costas maireachtála níos mó**
Tá an costas maireachtála imithe i méid ar roinnt daoine e.g. cóiríocht agus fóntais agus tá roinnt oibrithe ar thóir arduithe pá chun cuid de na costais mhéadaithe sin a íoc.

**Comhionannas pá**
Tá iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí ar thuarastail níos ísle ná a gcomhghleacaithe atá i mbun na hoibre céanna agus teastaíonn comhionannas pá uathu.

**Méadú ar an íosphá**
Méadaíodh an t-íosphá go dtí €9.50/san uair sa cháinaisnéis deiridh agus mar sin braithfidh gach earnáil go bhfuil an ceart acu méadú pá a éileamh.

**1 x 8 marc (4+4)**

(iii) Déan plé ar **mhíbhuntáiste** eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh bheith ann dá bhfaigheadh fostaithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach arduithe pá.

**Boilsciú**
Má mhéadaítear pá d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar ghnóthas praghsanna a mhéadú chun íoc as pá méadaithe.

**Costais mhéadaithe do ghnóthas / iomaíochas laghdaithe.**
Má mhéadaíonn pá san earnáil phoiblí d'fhágfadh sé sin b'fhéidir go dtiocfadh méadú ar phraghas seirbhísí / fóntas agus laghdóidh sé sin brabúis na ngnóthas/Fágann pá níos airde go mbeidh costais táirgthe níos airde agus dá bharr sin tagann méadú ar an bpraghas díolta sa mhargadh.

**Caillteanas post**
I gcás go méadódh praghsanna earraí agus seirbhísí, d'fhéadfadh an t-éileamh titim agus as sin d'fhéadfadh laghdú teacht ar líon na bhfostaithe.

**Ní bheidh an oiread fonn ar chuideachtaí ilnáisiúnta lonnú anseo**
Má ardaíonn costais saothair b'fhéidir nach mbeadh an oiread fonn ar chuideachtaí ilnáisiúnta lonnú anseo in Éirinn.

**Cánachas méadaithe**
Féadfaidh an rialtas cánacha a mhéadú chun pá méadaithe san earnáil phoiblí a mhaoiniú.

**Seirbhísí an stáit laghdaithe**
B'fhéidir go gcaithfeadh an rialtas líon na seirbhísí a sholáthraítear a laghdú nó an soláthar a ghearradh d'fhonn airgead a shábháil agus íoc as an mbille pá méadaithe san earnáil phoiblí.

**1 x 8 marc (4+4)**

**(c)** (i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis eacnamaíochta a n-íoctar pá difriúil ar phoist dhifriúla. **(25 marc)**

**Scileanna éagsúla**
Athraíonn na scileanna a bhaineann le poist éagsúla agus tá pá ar cóimhéid leis an leibhéal scile atá ag baint leis. e.g. faigheann dochtúir ráta pá níos airde ná altra.

**Oiliúint/taithí**
Gheobhaidh oibrithe a dhéanann tréimhsí oiliúna níos faide leibhéil phá níos airde.
e.g. gheobhaidh altra a dhéanann oiliúint agus a éiríonn níos speisialaithe pá níos airde.

**Cáilíochtaí oideachais**
Go ginearálta, sainaithníonn leibhéil phá na cáilíochtaí oideachais atá bainte amach ag an oibrí.

**Cineál agus Coinníollacha an phoist/contúirt**
D'fhéadfadh siad seo athrú ó phost go post agus léiríonn leibhéil phá é seo.
e.g. obair chontúirteach, uaireanta neamhshóisialta, agus nádúr sealadach an phoist.

**Láidreacht idirbheartaíochta cheardchumann na n-oibrithe**
Má tá oibrí mar bhall de cheardchumann láidir, d'fhéadfadh an ceardchumann seo leibhéil phá a fháil atá de réir tháirgiúlacht ioncam imeallach na n-oibrithe.

**Traidisiúin a bhaineann le poist áirithe**
Tá sé féideartha dóibh siúd atá páirteach i ngairmeacha féinrialaithe i.e. iad siúd i ngairmeacha an dlí / na cuntasaíochta leibhéil phá arda a chothabháil mar gheall ar an traidisiún a bhaineann leis na gairmeacha sin.

**Tallanna dúchais a bheith ag daoine**
Tá tallanna áirithe ag daoine áirithe agus dá bhrí sin d'fhéadfaidís a bheith in ann ioncam an-ard a thuilleadh e.g. réaltaí spóirt, iad siúd sa tionscal siamsaíochta.

**2 x 6 mharc (3+3)**

(ii) Tá Rialtas na hÉireann ag iarraidh eisimircigh as Éirinn a spreagadh le teacht ar ais go hÉirinn agus obair a fháil anseo.
Mol **dhá** bheart a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun é seo a spreagadh.

**Seirbhísí rialtais a fheabhsú/ bonneagar a fhorbairt**
An geilleagar a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine ionas go bhfillfidh siad air. An bonneagar a fhorbairt e.g. leathanbhanda. Seirbhísí stáit a fheabhsú macasamhail soláthar sláinte agus an earnáil oideachais a fhorbairt.

**Cánachas níos ísle**
Tabharfar luach saothair as ucht obair a dhéanamh ach cáin ioncaim a laghdú. Beidh pá glan níos airde ina dhreasacht chun eisimircigh a spreagadh le filleadh ar Éirinn. D'fhéadfadh an rialtas cánacha eile a laghdú freisin – ionas go mbeidh dreasacht ann chun filleadh ar an tír.

**Deontais/fóirdheontais a chur ar fáil do ghnólachtaí**
D'fhéadfaí deontais a chur ar fáil do na gnólachtaí sin a thugann poist d'eisimircigh. Dá laghdódh an rialtas rátaí ÁSPC/MSU na bhfostóirí in aghaidh gach eisimircigh nua a d'fhostófaí, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfillfeadh eisimircigh abhaile.

**Oideachas agus oiliúint**
Cúrsaí oiliúna agus oideachais a chur ar fáil in earnálacha fáis an gheilleagair agus na spásanna sin sna cúrsaí oiliúna a thabhairt d'eisimircigh. B'fhéidir go spreagfadh sé sin eisimircigh chun filleadh ar Éirinn.

**Níos mó acmhainní a chur i dtreo caiteachas caipitiúil**
De bharr caiteachas caipitiúil breise, is dóchúil go gcruthófaí níos mó deiseanna fostaíochta d'oibrithe tógála arbh éigean dóibh dul ar imirce roimhe.

**An chéad fhreagra ceart: 7 marc (4 + 3). An dara freagra ceart: 6 mharc (3 + 3)**

## C4: Airgead, Coigilteas agus Boilsciú

**(a)** Tá airgead in úsáid i ngeilleagair nua-aimseartha anois in áit na babhtála. **(25 marc)**

(i) Mínigh na téarmaí **airgead** agus **babhtáil**.

| **Téarma** | **Míniú** |
|---|---|
| Babhtáil | Mír amháin a mhalartú ar mhír eile. |
| Airgead | Aon rud ar féidir glacadh leis mar íocaíocht ar fiach / as earra a cheannach |

**2 mhíniúchán x 5 mharc an ceann.**

(ii) Mínigh deacracht **amháin** a ghabhann le babhtáil.

**Am-íditheach**
D'fhéadfadh sé am a thógáil duine a aimsiú a bhfuil na rudaí atá agat uaidh agus a bhfuil na rudaí aige a theastaíonn uaitse.

**Deacair luach a leagan síos**
Is deacair amanna luachanna beachta a chur ar earraí.
Sampla: Cén chaoi a socrófaí cá mhéad cairéad is fiú builín?

**Speisialtóireacht saothair**
D'éireodh speisialtóireacht an-deacair toisc go mbeadh sé dodhéanta do chuid éilimh go léir ar earraí agus ar sheirbhísí a shásamh, mar sin tá sé beagnach dodhéanta tasc ar leith a dhéanamh.

**1 mhíniúchán x 5 mharc**

(iii) Luaigh **dhá** rud eile a úsáidtear mar airgead faoi láthair, seachas boinn agus nótaí.

- Seiceanna
- Cártaí Creidmheasa
- Cártaí Dochair
- Ríomhaistrithe bainc

**2 x 5 mharc an ceann**

**(b)** Tá bainc áirithe ag tairiscint <u>ráta úis</u> íseal ar a g<u>coigilteas</u>. **(26 marc)**

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Ráta úis: an praghas atá ar airgead / costas na hiasachtaíochta / an toradh ar choigilteas léirithe mar chéatadán.
Coigilteas: an chuid sin d'ioncam duine nach gcaitear.

**2 mhíniúchán x 6 mharc an ceann**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc, **seachas an ráta úis**, a d'fhéadfadh teaghlaigh a chur san áireamh agus iad ag beartú coigilteas a dhéanamh nó gan é a dhéanamh.

**Leibhéil ioncaim**

- Dá mhéad é méid ioncaim an duine, is amhlaidh is mó an cumas atá aige/aici airgead a choigilt.

**Ráta DIRT**

- I gCáinaisnéis 2017 laghdaigh an rialtas an ráta DIRT agus d'fhéadfadh sé sin daoine a spreagadh chun níos mó airgid a chur i dtaisce.

**Méid an bhoilscithe**

- Bíonn boilsciú ina chúis le laghdú ar an bhfíor-ráta toraidh ar choigilteas.
- Ciallaíonn boilsciú nach mór duit níos mó airgid a chaitheamh chun earraí agus seirbhísí a cheannach. Dá bhrí sin, tá laghdú ar an gcumas atá agat airgead a choigilt.

**An Méid Sochar Leasa Shóisialaigh**

- Má chuireann an stát sochair leasa shóisialaigh mhaithe ar fáil, d'fhéadfadh sé sin daoine a dhíspreagadh chun airgead a choigilt, mar go bhfuil a fhios acu go bhfreastalóidh an stát orthu go leordhóthanach.

**Rátaí cánach**

- Má thagann laghdú ar na rátaí cánach ioncaim, ardóidh an t-ioncam indiúscartha agus d'fhéadfadh cumas níos fearr coigilte eascairt as sin.

**Ionchais amach anseo / muinín as an ngeilleagar**

- Má tá daoine buartha faoi thodhchaí an gheilleagair, d'fhéadfadh sé go gcaillfí muinín na dtomhaltóirí agug go gcoigleodh daoine níos mó airgid dá bharr.

**Éilimh ar ioncam indiúscartha**

- Bíonn éilimh níos mó ag daoine níos óige sa tsochaí ar a n-ioncam, e.g. morgáistí a aisíoc, etc., agus, dá bhrí sin, bíonn níos lú ioncaim le coigilt acu. B'fhéidir go mbeadh a gcuid morgáistí féin aisíoctha ag daoine níos sine sa tsochaí agus, dá bhrí sin, bheadh níos mó ioncam indiúscartha le coigilt acu.

**2 x 7 marc an ceann (4+3)**

**(c)** (i) Mínigh an téarma **boilsciú praghsanna**. **(24 marc)**

Méadú ar phraghsanna earraí / seirbhísí (thar thréimhse ama) sa gheilleagar.
Laghdú ar luach an airgid / ní cheannaíonn daoine an oiread rudaí lena gcuid airgid.

**8 marc**

(ii) Luaigh slí **amháin**, ó thaobh na heacnamaíochta de, a d'fhéadfadh **aon dá cheann** de na himeachtaí seo a leanas dul i bhfeidhm ar ráta an bhoilscithe praghsanna in Éirinn. Mínigh do fhreagra i ngach cás.

- méadú ar phraghsanna domhanda ola
- laghdú ar rátaí na gcánacha indíreacha in Éirinn
- laghdú ar leibhéal an choigiltis in Éirinn.

| Catagóir | Ráiteas | Míniú |
|---|---|---|
| Méadú ar phraghsanna domhanda ola. | Ardóidh an ráta boilscithe. | Ba cheart go méadódh an costas táirgeachta / iompair agus as sin mhéadófaí praghsanna earraí agus seirbhísí.<br>Ardóidh praghas breosla agus beidh billí teasa an tí / costais chairr níos airde ann dá bharr. |
| Laghdú ar rátaí na gcánacha indíreacha in Éirinn. | Titfidh an ráta boilscithe. | De réir mar a thitfidh cánacha indíreacha ba cheart go dtitfeadh praghsanna earraí agus earraí agus seirbhísí agus tarlóidh boilsciú níos ísle dá bharr sin.<br>Íocfaidh táirgeoirí praghsanna ionchuir níos ísle anois agus beidh praghsanna laghdaithe ar earraí / seirbhísí mar thoradh air sin. |
| Laghdú ar leibhéal an choigiltis in Éirinn. | Ardóidh an ráta boilscithe. | Má thiteann leibhéal an choigiltis d'fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios go bhfuil daoine ag caitheamh níos mó airgid rud a mhéadaíonn éileamh agus a d'fhéadfadh praghsanna dul in airde. |

**2 x 8 marc an ceann (4+4)**

## C5: Ioncam Náisiúnta agus Fás Geilleagrach

**(a)** Is í seo foirmle an iolraitheora i ngeilleagar oscailte **(21 marc)**

$$\frac{1}{\text{MPS} + \text{MPM}}$$

Glac leis gurb é 0.25 an MPM agus 0.15 an MPS

(i) Mínigh an téarma **iolraitheoir**.

Insíonn **an t-iolraitheoir** dúinn cén méadú a thiocfadh ar an Ioncam Náisiúnta tar éis méid áirithe airgid a instealladh sa gheilleagar.

**5 mharc**

(ii) Bain úsáid as an bhfoirmle thuas chun méid an iolraitheora a ríomh. **Taispeáin do chuid oibre.**

$$\frac{1}{\text{MPS} + \text{MPM}}$$

$$\frac{1^{2}}{0.15^{3} + 0.25^{3}}$$


**2.5** $^{2}$ **10 marc**

(iii) Má thagann méadú €10 milliún ar an infheistíocht sa gheilleagar, cén méadú a thiocfaidh ar an Ioncam Náisiúnta**? Taispeáin do chuid oibre.**

€10 milliún $^{2}$ x 2.5 $^{2}$= €25 milliún $^{2}$. **6 mharc**

**(b)** Sa léaráid thíos taispeántar **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** i ngeilleagar oscailte gan rialtas.

**(30 marc)**




(i) Is **geilleagar oscailte** í Éire. Mínigh an ráiteas seo.

**Míniú:** bíonn sé i mbun trádála, i.e. déanann sé earraí agus seirbhísí a iompórtáil agus a easpórtáil.

**5 mharc**

(ii) Luaigh cén rud a seasann **gach ceann** de na línte atá uimhrithe ó **1** go **3** dó.

| Uimh. | Seasann sé seo do | **Marcanna** |
|---|---|---|
| 1 | Íocaíocht / as tosca táirgeachta | **5 mharc** |
| 2 | Coigilteas | **5 mharc** |
| 5 | Easpórtálacha | **5 mharc** |

(iii) Agus tú ag tagairt don léaráid thuas, mínigh an cineál gníomhaíochtaí a tharlaíonn idir **aon dá cheann** díobh seo a leanas:

- Margaí Iasachta agus gnólachtaí
- Teaghlaigh agus margaí iasachta
- Teaghlaigh agus institiúidí airgeadais.

*Margaí iasachta agus gnólachtaí*

Déanann gnólachtaí cuid dá n-earraí a easpórtáil (chuig margaí iasachta) agus faigheann siad ioncam air sin.

*Teaghlaigh agus margaí iasachta*

Teaghlaigh: caitheann siad cuid dá n-ioncam ag ceannach iompórtálacha.

*Teaghlaigh agus institiúidí airgeadais*

Teaghlaigh: coiglíonn siad cuid dá n-ioncam in institiúidí airgeadais.

**Dhá fhreagra ar bith x 5 mharc an ceann**

**(c)** Is cuspóir de chuid an rialtais é fás geilleagrach a bhaint amach. **(24 marc)**

(i) Mínigh an téarma **fás geilleagrach**.

Míniúchán: is é sin an méadú ar OTN / aschur / ioncam náisiúnta in aghaidh an duine i dtír.

An méadú ar líon na n-earraí agus seirbhísí i ngeilleagar thar thréimhse ama.

**8 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach fás geilleagrach a bhaint amach i ngeilleagar.

**Méadú ar an bhfostaíocht**
Beidh níos mó éilimh le sonrú de bharr fás geilleagrach; éileofar níos mó saothair chun an t-aschur sin a bhaint amach rud a chruthóidh tuilleadh post.

**Eisimirce laghdaithe agus inimirce mhéadaithe**
Má chruthaítear poist, d’fhéadfadh daoine a bheartaigh dul ar imirce fanacht anseo agus d’fhéadfaí níos mó inimirceach a mhealladh chun an gheilleagair, rud a chuirfeadh leis an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí nua.

**Feabhas ar airgeadas an rialtais**
Mar gheall ar mhéadú ar an gcaiteachas – tagann méadú ar an ioncam ó cháin indíreach; beidh méadú ar an ioncam ó cháin dhíreach de bharr níos mó daoine a bheith i mbun oibre; ba cheart go dtitfeadh an caiteachas ar leas sóisialach. Beidh níos mó ioncaim ag an rialtas chun pé rud is mian leo a dhéanamh.

**Caighdeán maireachtála níos fearr**
Mar thoradh ar fhás geilleagrach tiocfaidh méadú ar an ioncam sa gheilleagar agus tugann sé seo deis dúinn níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach / laghdú ar an mbochtaineacht.

**Deiseanna infheistíochta.**
Cuireann OTI atá ag ardú in iúl go bhfuil borradh faoin ngeilleagar, rud a d'fhéadfadh infheistíocht a mhealladh.

**Tionchar dearfach ar ghnólachtaí**
Ba cheart go dtiocfadh méadú ar dhíolacháin, de bharr éilimh a bheith ag dul i méid, rud a mhéadódh brabúis/Méadóidh roinnt gnóthas a gcuid easpórtálacha agus d’fhéadfadh roinnt leathnú agus beidh a dtodhchaí níos cinnte ansin.

**2 x 8 marc an ceann (4+4)**

## C6 Buiséadú, Seirbhísí Stáit agus Cáinaisnéis 2017

**(a)** Meastachán é seo a leanas ar bhuiséad reatha an Rialtais do 2017: **(25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ioncam Reatha an Rialtais | €53,245m | Caiteachas Reatha an Rialtais | €50,548m |

(i) Ríomh an barrachas ar an mbuiséad reatha. **Taispeáin do chuid oibre.**

(i) Barrachas ar an mbuiséad reatha:

€53,245[1] m -[1] €50,548[1] m = € 2,697m [2]

**5 mharc**

(ii) Luaigh sampla **amháin** d'ioncam reatha rialtais agus sampla **amháin** de chaiteachas reatha rialtais.

| Ioncam reatha an rialtais | Caiteachas reatha an rialtais |
|---|---|
| 1. Ioncam cánach dírí (nó sampla)<br>2. Ioncam cánach indírí (nó sampla)<br>3. Ús ar iasachtaí a tugadh do chomhlachtaí leathstáit<br>/údaráis áitiúla<br>4. Barrachas comhlachtaí leathstáit.<br>5. Iarmhéideanna ranna.<br>6. Scéim Duaisbhannaí.<br>7. Táillí a gearradh le haghaidh seirbhísí stáit | 1. Tuarastail fhostaithe uile an stáit<br>2. Costas na ranna rialtais a reáchtáil<br>3. Costas na n-institiúidí stáit a reáchtáil<br>(scoileanna, ospidéil, príosúin, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an tOmbudsman)<br>4. Íocaíochtaí leasa shóisialaigh<br>5. An tseirbhís fónaimh don fhiachas náisiúnta<br>6. Deontais d'údaráis áitiúla<br>7. Deonachán na hÉireann le buiséad an Aontais Eorpaigh. |

**Sampla ceart amháin i ngach cás: 2 x 5 mharc an ceann**

(iii) Mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíochta ar bhuiséad reatha an Rialtais a bhaineann le titim sa ráta dífhostaíochta.

**Méadaíonn an t-ioncam reatha**
Níos mó ÍMAT, toisc go bhfuil níos mó daoine ag obair/Beidh ioncam indiúscartha níos airde acu siúd atá i mbun fostaíochta agus is dóchúil go gcaithfidh siad an t-airgead sin, agus go n-íocfaidh siad níos mó cáin indíreach leis an rialtas dá bhrí sin/Má ardaíonn brabúis gnólachtaí mar thoradh ar mhéadú ar dhíolacháin, d'fhéadfadh méadú teacht ar fháltais ó cháin Chorparáide freisin.

**Laghdaíonn an caiteachas reatha**
Má tá níos mó daoine ag obair, beidh laghdú ar na híocaíochtaí leasa shóisialaigh nach mór don rialtas a dhéanamh.

**2 x 5 (3+2) mharc**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar argóint eacnamaíochta **amháin** i bhfabhar **aon dá cheann** de na polasaithe / beartais rialtais seo a leanas a fógraíodh i gCáinaisnéis 2017, agus argóint eacnamaíochta **amháin** ina n-éadan: **(24 marc)**

- Ardú €5 in aghaidh na seachtaine ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh.
- Laghdú ar ráta Cáin Choinneála ar Ús Taisce (CCÚT / DIRT) ó 45% go 39%.
- Ardú ar an dleacht mháil ar thobac (e.g. ardú 50c ar phacáiste 20 toitín).
- Ardú €5 in aghaidh na seachtaine ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **Caighdeán maireachtála níos fearr**<br>I gcás daoine a bhíonn ag brath ar leas sóisialach d'fhéadfadh sé cuidiú leo caighdeán maireachtála níos fearr a bhaint amach. | **Méadú ar chaiteachas / ar iasachtaíocht an Rialtais**<br>Caithfidh an rialtas níos mó airgid agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh níos mó iasachtaí ag teastáil uaidh chun caiteachas a mhaoiniú. |
| **Dáileadh ioncaim níos cothroime**<br>Íocfaidh saoránaigh a bhfuil sé d'acmhainn acu cánacha agus gheobhaidh siad sin a dteastaíonn leas sóisialach uathu íocaíocht bhreise agus laghdóidh sé sin an éagothroime sa gheilleagar. | **Deischostas**<br>D'fhéadfaí an t-airgead a úsáid ar bhealaí eile e.g. chun tionscnaimh ógfhostaíochta a mhaoiniú: tionscnaimh oibre, oideachais agus oiliúna. |
| **Laghdú ar an éileamh ar mhaoiniú stáit ó chumainn charthanachta.**<br>De réir mar a bheidh níos mó ioncam indiúscartha ag daoine ní bheidh siad ag brath chomh mór ar chumainn charthanachta agus mar thoradh air seo ní bheidh an oiread céanna maoinithe ag teastáil ón rialtas chun an tseirbhís a sholáthar. | **Féidearthacht maidir le cánachas méadaithe**<br>Leis an méadú ar chaiteachas an rialtais b'fhéidir go gcaithfeadh an rialtas cánacha díreacha / indíreacha a mhéadú chun an méadú sin a mhaoiniú. |
| **Níos mó airgid á chaitheamh sa gheilleagar** | **An tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar oibrithe/ d'fhéadfaí obair a dhíspreagadh**<br>D'fhéadfadh méadú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh daoine a dhíspreagadh chun dul ag obair.<br>D'fhéadfadh oibrithe a ghlac le ciorruithe móra pá, méaduithe cánach, etc., i rith an chúlaithe eacnamaíoch féachaint air sin mar rud míchothrom. |
| **1 x 6 mharc** | **1 x 6 mharc** |

- Laghdú ar ráta Cáin Choinneála ar Ús Taisce (CCÚT / DIRT) ó 45% go 39%.

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **Coigilteas a spreagadh**<br>D'fhéadfadh an cháin laghdaithe daoine a spreagadh chun airgead a chur i dtaisce rud a mbeadh fiachas laghdaithe mar thoradh air. | **Laghdú ar ioncam an Rialtais**<br>D'fhéadfadh an méadú sin ioncam cánach a laghdú don stát. |
| **Fáil níos mó ar iasachtaí**<br>D'fhéadfadh institiúidí airgeadais líon na n-iasachtaí a chruthaítear a mhéadú, mar gheall ar mhéadú ar choigilteas. | **Gá don rialtas cánacha eile a ardú**<br>D'fhéadfadh sé sin a bheith riachtanach i gcás go gcaithfidh an rialtas a ioncam a fhorlíonadh chun a chuid gníomhaíochtaí / seirbhísí a mhaoiniú. |
| **Boilsciú a laghdú**<br>Má chuireann daoine níos mó airgid i dtaisce ní chaithfidh siad an oiread airgid agus cuideoidh sé sin chun boilsciú a laghdú sa tír. | **D'fhéadfaí caiteachas a dhíspreagadh**<br>Má chuireann daoine níos mó airgid i dtaisce ní chaithfidh siad an oiread airgid, rud a laghdóidh caiteachas sa tír agus a bhféadfadh caillteanais poist a bheith mar thoradh air. |
| **Pleanáil don todhchaí a spreagadh**<br>D'fhéadfaí daoine a spreagadh chun tuilleadh airgid a chur i dtaisce dá dtodhchaí seachas a bheith ag caitheamh airgid sa ghearrthréimhse. | **D'fhéadfaí a rá nach bhfuil sé cothrom**<br>Ní bhíonn tionchar ag an gcáin seo ach orthu siúd atá in acmhainn airgead a chur i dtaisce, iad sin ar ioncam níos airde den chuid is mó. B'fhéidir go bhféachfaí air mar rud a théann chun tairbhe na ndaoine is saibhre sa tsochaí. |
| **1 x 6 mharc** | **1 x 6 mharc** |

- Ardú ar an dleacht mháil ar thobac (e.g. ardú 50c ar phacáiste 20 toitín).

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **Méadú ar ioncam an Rialtais**<br>Cabhróidh an méadú seo le hioncam cánach don stát a ardú. | **Laghdú ar chaighdeán maireachtála**<br>Titfidh ioncam indiúscartha do chaiteoirí tobac agus tiocfaidh laghdú ar a gcaighdeán maireachtála dá bharr. |
| **Tomhaltas a laghdú / sláinte phearsanta níos fearr**<br>D'fhéadfadh go dtitfeadh tomhaltas na dtáirgí tobac agus tiocfaidh feabhsú ar shláinte na dtomhaltóirí sin mar sin. D'fhéadfadh sé daoine óga a dhíspreagadh ó thobac a chaitheamh. | **Boilsciú**<br>Ardaíonn praghsanna na dtáirgí a bhaineann le tobac agus cuirtear san áireamh é sin san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí. |
| **Tairbhe shóisialta de bharr daonra níos sláintiúla**<br>Sochaí níos folláine agus níos táirgiúla/níos lú neamhláithreachais. | **Éagothromasach**<br>Ní bhaineann sé ach le lucht caite tobac. |
| **Costais laghdaithe ar an gcúram sláinte sa tsochaí**<br>Ós rud é go bhféadfadh go mbeadh tinneas ar níos lú daoine, laghdófar costais an chúraim sláinte don tsochaí. | **D'fhéadfadh go dtiocfadh méadú ar an smuigléireacht/ar an ngeilleagar dubh**<br>De réir mar a éiríonn toitíní níos costasaí, d'fhéadfadh tomhaltóirí athrú go toitíní smuigleáilte. |
| **Deischostas**<br>Is féidir leis an rialtas úsáidí eile a bhaint as an airgead nach bhfuil á íoc ar chúram sláinte. | **D'fhéadfadh an t-ioncam cánach titim**<br>Más rud é go laghdaíonn tomhaltas agus/nó go méadaíonn smuigléireacht, seans go dtitfidh an t-ioncam cánach a mbailíonn an rialtas é. |
| **1 x 6 mharc** | **1 x 6 mharc** |

**(c)** Tugtar le fios i bpobalbhreitheanna éagsúla go bhfuil daoine in Éirinn i bhfabhar feabhas ar na seirbhísí stáit in ionad laghdú ar na rátaí cánach. **(26 marc)**

(i) Sainaithin **dhá** sheirbhís stáit a d'fhéadfaí a fheabhsú **agus** mínigh do fhreagra i n**gach** cás.

Áirítear le freagraí féideartha:

**Seirbhísí sláinte**
Tuilleadh altraí / dochtúirí a fhostú chun liostaí feithimh a laghdú agus leaba a thabhairt do gach duine atá ag feitheamh nuair a theastaíonn ceann uathu.

**Oideachas**
Méid na ranganna a laghdú i mbunscoileanna / meánscoileanna chun deiseanna feabhsaithe a thabhairt do scoláirí.
Maoiniú a mhéadú d'institiúidí tríú leibhéal ionas gur féidir caighdeán na gcúrsaí a chuirtear ar fáil a fheabhsú.

**Seirbhísí míchumais**
Soláthar seirbhísí a fheabhsú ionas gur féidir leis an ngrúpa seo cáilíocht saoil níos fearr a bheith acu.

**Tithíocht shóisialta**
Cuideoidh sé sin chun líon na ndaoine atá gan dídean a laghdú agus/nó líon na ndaoine atá ag fanacht i mbrúnna/óstáin a laghdú.

**2 x 8 marc (4+4)**

(ii) An mbeifeá i bhfabhar laghdú ar na rátaí cánach, e.g. rátaí na cánach ioncaim in Éirinn, rátaí CBL? Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le do fhreagra..

| BHEADH | NÍ BHEADH |
|---|---|
| **Ioncam indiúscartha / coigilteas méadaithe** Ciallóidh cánacha níos ísle ioncam méadaithe agus caighdeán maireachtála méadaithe dá réir sin/ Féadfaidh daoine níos mó airgid a chur i dtaisce. | **Caillteanas seirbhísí stáit / muirir ar sheirbhísí** D'fhéadfadh an laghdú ar ioncam ó cháin oifigí poist faoin tuath a dhúnadh, agus stáisiúin gardaí, scoileanna beaga etc. |
| **Luach saothair níos mó de bharr iarrachta** B'fhéidir go mbraithfeadh roinnt daoine go bhfuil níos mó measa orthu ag an obair agus go mbeadh fonn níos mó orthu iarracht bhreise a dhéanamh nó fostaíocht a lorg. | **Meath ar sheirbhísí an stáit** Chiallódh an laghdú ar ioncam ó cháin b'fhéidir go dtiocfadh tuilleadh meath ar chuid de na seirbhísí stáit e.g. róphlódú in ospidéil, scoileanna, etc. |
| **Praghsanna níos saoire** Má thiteann cánacha indíreacha d'fhéadfadh praghsanna earraí agus seirbhísí titim rud a d'fhágfadh go mbeadh níos mó ioncaim ar fáil. | **Níos mó éagothroime** Chiallódh an laghdú ar ioncam ó cháin b'fhéidir go laghdófaí íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus go gcruthófaí éagothroime níos mó dá bharr. |
| **Eisimircigh a mhealladh ar ais go hÉirinn** Má thiteann rátaí cáin ioncaim d'fhéadfadh eisimircigh filleadh go hÉirinn toisc go bhfaighidh siad caighdeán maireachtála níos fearr anseo. | **Bheadh foinsí nua ioncaim ag teastáil** Caithfidh an rialtas foinsí eile ioncaim a aimsiú, tabharfar cánacha nua isteach, d'fhéadfadh méadú teacht ar cháin mhaoine, etc., chun gníomhaíochtaí an rialtais a mhaoiniú. |
| **Ioncam don rialtas** Ciallaíonn ioncam níos airde go gcaithfidh daoine níos mó airgid ar earraí agus ar sheirbhísí agus go mbeidh siad in ann níos mó a chur i dtaisce rud ba cheart a shaothródh tuilleadh cánachais don rialtas. | **Níos lú maoinithe ar fáil ón Rialtas le haghaidh tionscnaimh stáit** Ní bheidh an oiread maoiniú rialtais ar fáil chun deontais a thabhairt do ghnóthais, talmhaíocht, etc. |
| **Níos lú gníomhaíochta sa gheilleagar dubh** Ba cheart go gcuideodh rátaí CBL níos ísle chun gníomhaíochtaí sa gheilleagar dubh a laghdú agus gníomhaíochtaí gnó níos dleathaí a spreagadh. | |

**2 chúis ar bith x 5 mharc an ceann (3+2)**

## C7: Trádáil, Brexit agus Suíomh Tionscail

**(a)** Tugtar an t-eolas seo a leanas duit faoi thrádáil tíre i mbliain amháin. **(25 marc)**

| **Easpórtálacha Sofheicthe €m** | **Iompórtálacha Sofheicthe €m** |
|---|---|
| **22,000** | **23,500** |

(i) Mínigh an téarma Comhardú na Trádála.

Is é seo an difríocht idir easpórtálacha sofheicthe agus iompórtálacha sofheicthe.

**9 marc**

(ii) Ag baint úsáide as na sonraí thuas duit, ríomh Comhardú na Trádála **agus** luaigh cé acu barrachas nó easnamh é. **Taispeáin do chuid oibre.**

Easpórtálacha sofheicthe – Iompórtálacha sofheicthe
€**22,000 m** **-** €**23,500 m** **= ( €1,500m)**

Is **easnamh** é comhardú na trádála.

**8 marc**

(iii) Má thagann méadú €2,000m ar leibhéal na n-easpórtálacha sofheicthe thuas, ríomh Comhardú nua na Trádála **agus** luaigh cé acu barrachas nó easnamh é.
**Taispeáin do chuid oibre**.

Easpórtálacha sofheicthe nua: €22,000 m[1] + €2,000 m[1] = €24,000 m [1]

Comhardú nua na Trádála: €24,000 m[1] - €23,500 m[1] = €500 m[1]

Is **barrachas** [2] é**.**

**8 marc**

**(b)** I gCáinaisnéis 2017, choinnigh Rialtas na hÉireann <u>Cáin Chorparáide</u> ar ráta 12.5%. **(24 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

Cáin í seo a ghearrtar ar na brabúis a dhéanann gnóthas.

**8 marc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc eacnamaíochta, seachas ráta na cánach corparáide, a d'fhéadfadh cuideachta ilnáisiúnta a chur san áireamh nuair a roghnaíonn siad a ngnólacht a lonnú in Éirinn.

**Áirítear le freagraí féideartha:**

**Fáil ar lucht saothair atá oilte**
Éileoidh an gnóthas lucht saothair oilte / a bhfuil Béarla ar a dtoil acu, scileanna TF ionas go laghdófaí costais oiliúna.

**Dreasachtaí rialtais**
D'fhéadfadh sé go mbeadh dreasachtaí cánach / deontais ar fáil chun lonnú in áiteanna áirithe sa tír. An fháil ar réamh-mhonarchana.

**Gréasán iompair éifeachtúil**
Teastóidh bonneagar éifeachtúil iompair ó ghnóthas chun a chuid earraí a chur chun an mhargaidh, chun amhábhair a fhoinsiú, etc.

**Fáil ar sheirbhísí ríthábhachtacha**
Teastóidh soláthar leictreachais ó ghnóthas; seirbhísí baincéireachta; leathanbhanda iontaofa agus tapa agus seirbhísí tacaíochta eile chun a chuid oibríochtaí a choinneáil ag imeacht.

**Talamh chun leathnú a dhéanamh / costas talún / réadmhaoin tráchtála a ghlacadh ar cíos**
Má bhíonn sé i gceist ag gnó leathnú, beidh talamh ag teastáil uaidh ar phraghas réasúnta chun leathnú a dhéanamh.

**Rialacháin: rialacháin chomhshaoil/cead pleanála**
D'fhéadfadh tionscal áirithe bheith faoi réir rialacháin áirithe chomhshaoil agus ní mór iad sin a sheiceáil leis an údarás cuí. Caithfidh gnólachtaí a chinntiú go gcuireann an t-údarás áitiúil cead pleanála cuí ar fáil.

**Bheith i ngaireacht don mhargadh / do na hamhábhair**
Caithfidh gnóthas a bhíonn ag brath ar shreabhadh foisteanach tomhaltóirí lonnú gar don mhargadh/ Caithfidh gnóthas a éilíonn cuid mhór amhábhar lonnú gar don áit ina gcuirtear ar fáil iad e.g. stáisiún giniúna cumhachta.

**Bonneagar Sóisialta**
Déanfaidh gnóthais breithniú ar an bhfáil atá ar scoileanna, ar ospidéil, ar pháirceanna, etc., ionas gur féidir lena lucht saothair stíl mhaireachtála mhaith a bheith acu.

**Ballraíocht san AE**
Toisc gur ball den AE í Éire d'fhéadfadh cuideachtaí ilnáisiúnta lonnú anseo toisc go dtugann sé rochtain oscailte dóibh ar mhargadh mhór an AE.

**2x 8 marc an ceann (4+4)**

**(c)** I Meitheamh 2016 vótáil pobal na Ríochta Aontaithe i bhfabhar imeacht as an AE i gcinneadh ar a dtugtar BREXIT. **(26 marc)**

(i) Cad dó a seasann na litreacha AE?

An tAontas Eorpach. **6 mharc**

(ii) Déan plé ar shlí **amháin**, ó thaobh na heacnamaíochta de, a d'fhéadfadh imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE dul i bhfeidhm ar **aon dá cheann** díobh seo a leanas:

- Gnólachtaí in Éirinn atá ag easpórtáil go dtí an Ríocht Aontaithe.
- Turasóireacht idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe
- Tomhaltóirí in Éirinn

| Catagóir | Ráiteas | Míniú |
|---|---|---|
| **Gnólachtaí in Éirinn atá ag easpórtáil go dtí an Ríocht Aontaithe** | Díolacháin / brabúis laghdaithe | D'fhéadfadh gnólachtaí Éireannacha (a bhféadfadh taraifí agus/nó ardú ar luach an Euro cur isteach orthu) díolacháin agus brabúis laghdaithe a bheith acu. |
| | Gnólachtaí a d'fhéadfadh dúnadh / Margaí Nua | Mura féidir le gnólachtaí Éireannacha ceannaitheoirí eile a aimsiú, d'fhéadfadh gnóthais dúnadh, e.g. roinnt táirgeoirí muisiriún in Éirinn/d'fhéadfadh gnólachtaí dul sa tóir ar mhargaí nua i gcomhair táirgí. |
| | Athlonnú chuig an RA | D'fhéadfadh roinnt easpórtálaithe Éireannacha a bhíonn ag brath ar an RA cinneadh a dhéanamh a ngnó a athlonnú chuig an RA chun taraifí agus luaineachtaí san Euro a sheachaint. D'fhéadfadh sé sin dífhostaíocht a mhéadú agus Comhardú na Trádála a laghdú. |
| **Turasóireacht idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe** | Ag brath ar luach an euro in aghaidh na steirlinge | Má mhéadaíonn luach an Euro (nó má laghdaítear an steirling) d'fhéadfadh sé drochmhisneach a chur ar thurasóirí as an RA teacht go hÉirinn agus d'fhéadfadh sé turasóirí na hÉireann a spreagadh dul chuig an RA.<br><br>Má laghdaíonn luach an Euro (nó má mhéadaíonn an steirling) d'fhéadfadh sé turasóirí as an RA a spreagadh go hÉirinn agus drochmhisneach a chur ar thurasóirí na hÉireann cuairt a thabhairt ar an RA.<br><br>D'fhéadfadh úsáid as rialuithe teorann turasóireacht a dhíspreagadh. |
| **Tomhaltóirí in Éirinn** | D'fhéadfadh praghsanna a bheith níos airde | Má ghearrann an AE taraifí ar earraí as an RA a iompórtáiltear isteach san AE ansin ardóidh praghsanna na n-earraí sin do thomhaltóirí na hÉireann. |

**2 x 10 marc an ceann (4+6)**

## C8: Méadú ar an daonra, otracht a laghdú agus leathanbhanda faoin tuath

**(a)** Chomhair POS (CSO i mBéarla) daonra na hÉireann in Aibreán 2016 agus meastar go bhfuil 4.76m duine ann anois. Is ionann sin agus méadú de bheagnach 170,000 duine ón uair dheireanach a comhaireadh an daonra in 2011. (**30 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha POS?

An Phríomh-Oifig Staidrimh

**9 marc**

(ii) Cad é an téarma oifigiúil a thugtar ar chomhaireamh an daonra?

Daonáireamh

**5 mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh slí **amháin**, ó thaobh na heacnamaíochta de, a d'fhéadfadh an méadú seo ar dhaonra na hÉireann dul i bhfeidhm ar **aon dá cheann** díobh seo a leanas:

- Éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí
- Soláthar seirbhísí stáit
- Margadh an tsaothair in Éirinn.

| **Catagóir** | **Ráiteas** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Éileamh ar Earraí agus seirbhísí | Méadú | Tá níos mó daoine ag iarraidh earraí agus seirbhísí. |
| Soláthar Seirbhísí Stáit | Gá le tuilleadh seirbhísí | Beidh éileamh níos mó ar sheirbhísí stáit agus beidh ar an rialtas iad a sholáthar, i.e. scoileanna, ospidéil, etc. |
| Margadh an tsaothair in Éirinn | Méadú ar líon na n-oibrithe | Ba cheart go méadódh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair de réir mar a bhíonn tuilleadh daoine ar fáil i gcomhair oibre. |

**2 x 8 marc an ceann (4+4)**

**(b)** Tá rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar cháin siúcra a thabhairt isteach in 2018 mar bheart amháin chun dul i ngleic le fadhb na hotrachta/an mhurtaill in Éirinn.

Luaigh agus mínigh **dhá** bheart eacnamaíochta eile a mholfá chun cuidiú le leibhéil na hotrachta/an mhurtaill in Éirinn a laghdú. **(20 marc)**

**Oideachas i scoileanna**
Spreagfaidh soláthar feabhsaithe Corpoideachais agus áiseanna i gcomhair Corpoideachais gníomhaíocht níos mó agus d'fhéadfadh sé cabhrú fiú chun leibhéil otrachta a laghdú/Cuir chuige sa scoil uile maidir le slite maireachtála folláine leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Lipéadú níos fearr ar tháirgí**
Iarrtar ar chuideachtaí níos mó eolais a thabhairt do thomhaltóirí maidir leis an méid siúcra / saille / salainn atá i mbia agus dá bharr sin b'fhéidir go mbeadh tomhaltóirí in ann cinntí eolacha a dhéanamh agus go laghdófaí dá réir sin tomhaltas bianna den sórt sin.

**Eolas maidir le calraí a bheith ar taispeáint** i mbialanna mearbhia agus i mbialanna
Má thaispeántar líon na gcalraí i mbéilí i mbialanna mearbhia agus i mbialanna b'fhéidir go mbeadh tomhaltóirí in ann cinntí níos fearr a dhéanamh rud a laghdódh tomhaltas bianna ardsaille/siúcra.

**Bonneagar sóisialta níos fearr**
D'fhéadfadh soláthar tuilleadh siúlbhealaí, cosáin rothaíochta, féarbhealaí, etc., stíl mhaireachtála níos gníomhaí a spreagadh agus cuidiú le daoine meáchan a chailleadh dá bharr sin.

**'Criosanna gan friochadh'**
Cosc a chur ar bhialanna mearbhia oscailt gar do scoileanna sa tír d'fhonn díol mearbhia le daltaí scoile a laghdú.

**Cosc ar mheaisíní díolta i scoileanna / coláistí**
D'fhéadfadh sé sin cabhrú chun tomhaltas bianna a bhfuil go leor calraí iontu a laghdú.

**"Healthy Weight for Ireland – Obesity Policy and Action / (Meáchan Folláin d'Éirinn – Beartas agus Gníomh maidir le hOtracht)"**
D'fhéadfadh an rialtas an beartas seo, a seoladh in 2016, a fhorchéimniú agus a chur i bhfeidhm le maoiniú agus le tacaíocht pholaitiúil iomlán.

**2 x 10 marc an ceann (5+5)**

**(c)** 'Déanfaidh an rialtas an gréasán leathanbhanda faoin tuath, a bhfuiltear ag fanacht leis le fada, a phríobháidiú.' (***Foinse: Irish Independent,*** **Iúil 2016*)***

**(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma **príobháidiú**.

Is éard is brí leis seo go ndíoltar / go n-aistrítear cuideachta faoi úinéireacht an stáit/ an rialtais le húinéirí príobháideacha.

**9 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do cheantair thuaithe a bhaineann leis an infheistíocht seo sa leathanbhanda.

Áirítear le freagraí féideartha:

**Rochtain ar an idirlíon (do dhaoine aonair agus do ghnóthais)**
Beidh rochtain níos tapúla ag daoine aonair agus ag gnóthais ar an idirlíon/WIFI rud a chiallóidh go mbeidh rochtain fheabhsaithe acu ar nuacht, institiúidí airgeadais etc. agus caighdeán maireachtála níos fearr.

**Tuilleadh gnólachtaí nua-thionscanta**
Bíonn sé dodhéanta ag roinnt gnóthas i láthair na huaire feidhmiú i gceantair thuaithe mar gheall ar easpa leathanbhanda. Leis an infheistíocht seo b'fhéidir go mbeadh tuilleadh daoine sásta lonnú i gceantair thuaithe.

**Fás geilleagrach**
Chiallódh gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe i gceantair thuaithe go mb'fhéidir go dtiocfadh méadú ar fhostaíocht sna ceantair sin.

**Pobail thuaithe inbhuanaithe**
Le gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe agus b'fhéidir tuilleadh deiseanna fostaíochta d'fhéadfadh níos mó daoine cur fúthu i gceantair thuaithe rud a chiallódh go mbeadh na ceantair sin níos inbhuanaithe agus go mbeifí in ann leanúint ag soláthar seirbhísí stáit.

**2 x 8 marc (4 + 4)**

**CRÍOCH**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |